Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

Centre Number

Candidate Number

Irish

Unit 3: Reading
Higher Tier

[GIH32]

GIH32

Assessment

TIME

1 hour.

Assessment Level of Control:
Tick the relevant box (✓)

Controlled Conditions	
Other	

INSTRUCTIONS TO CANDIDATES

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Do not write outside the boxed area on each page or on blank pages.
Complete in black ink only. **Do not write with a gel pen.**
Answer **all twelve** questions.

INFORMATION FOR CANDIDATES

The total mark for this paper is 60.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
Use of a dictionary is **not** permitted.

12743

28GIH3201

Section A

Answer **all** questions

Questions and answers in **Irish**.

1 Teach ar cíos

Feiceann tú an fógra seo sa Ghaeltacht.

Teach ar Cíos

Bungaló galánta

Cóngarach don chósta agus don siopa.

Trí sheomra leapa, seomra suí measartha mór, seomra teaghlaigh, cistin, seomra folctha, gairdín agus garáiste.

€450 an tseachtain.

Wi-fi ar fáil ar chúig euro dhéag an tseachtain sa bhreis.

Tuilleadh eolais ar fáil ó **www.teachsamhraidh.ie**

Cuir tic [✓] sa bhosca cheart i ngach cás.

(a) Tá an bungaló suite in aice leis an

(i) ☐

(ii) ☐

(iii)  ☐

[1]

(b) Tá an bungaló gar do

(i)  ☐

(ii) ☐

(iii)  ☐

[1]

(c) Tá _____ sheomra leapa sa teach.

(i) 3 ☐

(ii) 4 ☐

(iii) 5 ☐

[1]

(d) Tá costas _____ ar Wi-Fi don tseachtain.

(i) €5 ☐

(ii) €15 ☐

(iii) €25 ☐

[1]

[Turn over

2 Athchúrsáil

Léann tú an t-alt seo sa nuachtán áitiúil.

ATHCHÚRSÁIL



Déan “Nollaig Ghlas” den Nollaig seo.

Déan do chuid bruscair a athchúrsáil! Buidéil, cannaí agus fiú amháin an crann Nollag!

Cuidíonn athchúrsáil le biseach a chur ar an saol atá thart orainn.
Mar sin de, déan cinnte go gcuireann tú gach rud atá le hathchúrsáil sa bhosca bruscair ceart.

Bí cineálta don domhan! Bí glas!

Cuir tic [✓] sa bhosca cheart.

(a) Cén ócáid atá i gceist anseo?

(i) ☐

(ii) ☐

(iii) ☐

[1]

Cuir tic [✓] le **trí** bhosca.

(b) Dar leis an alt seo, cad é a thig leat a athchúrsáil?

(i)  ☐

(ii) ☐

(iii) ☐

(iv)  ☐

(v) ☐

(vi)  ☐

(vii) ☐

[3]

Cuir tic [✓] sa bhosca cheart i ngach cás.

(c) Téann rudaí atá le hathchúrsáil sa

(i)  ☐

(ii)  ☐

(iii)  ☐

[1]

(d) Cuidíonn athchúrsáil leis an

(i) ☐

(ii) ☐

(iii) ☐

[1]

[Turn over

3 Tinneas

Léann tú an sliocht seo faoi dhuine óg a bhí tinn.

Bhí mé tinn Dé Luain. Bhí pian i mo cheann agus i mo bholg. Ní dheachaigh mé ar scoil. Is é an Luan an lá is fearr liom ar scoil mar ní bhíonn eolaíocht agam ar an lá sin! Bhí brón orm fanacht sa bhaile. Thug mamaí piollaí dom ach níor chuidigh siad liom. Níor ith mé greim bia agus mhothaigh mé níos measa.

Scairt mo mháthair ar an dochtúir ach ní raibh an dochtúir ábalta teacht amach. Bhí orainn dul isteach chuig an ionad sláinte sa charr. Bhí scaifte mór ag fanacht san ionad. D'éist an dochtúir liom agus thug sé oideas dom. Chuaigh mo mháthair chuig an siopa ceimiceora agus fuair sí buidéal leighis dom. Bhí mé ceart go leor arís ar an Chéadaoin agus chuaigh mé ar ais ar scoil Déardaoin.

Liam Ó Coinn

Cuir tic [✓] sa bhosca cheart i ngach cás.

(a) (i) Ní raibh Liam go maith maidin Dé Luain. ☐

(ii) Bhí Liam go maith maidin Dé Luain. ☐

(iii) Bhí Liam ar fheabhas maidin Dé Luain. ☐ [1]

(b) (i) Bhí tinneas goile agus tinneas fiacaile ar Liam. ☐

(ii) Bhí tinneas fiacaile agus tinneas cinn ar Liam. ☐

(iii) Bhí tinneas goile agus tinneas cinn ar Liam. ☐ [1]

(c) **(i)** Is breá le Liam an Luan ar scoil. ☐

(ii) Ní maith le Liam an Luan ar scoil. ☐

(iii) Is fuath le Liam an Luan ar scoil. ☐ [1]

(d) **(i)** Tá dúil ag Liam san eolaíocht. ☐

(ii) Níl dúil dá laghad ag Liam san eolaíocht. ☐

(iii) Tá dúil as cuimse ag Liam san eolaíocht. ☐ [1]

(e) **(i)** Chuidigh na piollaí le Liam. ☐

(ii) Níor chuidigh na piollaí le Liam. ☐

(iii) Níor ghlac Liam piollaí. ☐ [1]

(f) **(i)** Bhí a lán daoine san ionad sláinte. ☐

(ii) Bhí cúpla duine san ionad sláinte. ☐

(iii) Ní raibh duine ar bith san ionad sláinte. ☐ [1]

(g) **(i)** Fuair mamaí Liam buidéal leighis san ionad sláinte. ☐

(ii) Fuair mamaí Liam buidéal leighis sa siopa poitigéara. ☐

(iii) Fuair mamaí Liam buidéal leighis san ollmhargadh. ☐ [1]

(h) **(i)** Bhí Liam tinn go luath sa tseachtain. ☐

(ii) Bhí Liam tinn i lár na seachtaine. ☐

(iii) Bhí Liam tinn ag deireadh na seachtaine. ☐ [1]

BLANK PAGE

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

(Questions continue overleaf)

4 Taisme

Léann tú an cuntas seo ar líne faoi thaisme a tharla.

3 huaire ó shin

Tharla taisme bóthair go luath ar maidin nuair a bhuail dhá charr in éadan a chéile thart faoi mhíle taobh amuigh de Leitir Ceanainn. Bhí an trácht iontach trom ag an am. Tá ceathrar anois in Ospidéal Leitir Ceanainn agus tá duine amháin acu go dona tinn. Dúirt na gardaí go raibh drochaimsir ann. Chomh maith leis sin, bhí na carranna ag taisteal ar lánluas.

Tá na Gardaí buartha faoi luas ar na bóithre. Tá plean acu dul isteach sna scoileanna áitiúla le labhairt ar na contúirtí a bhaineann le luas.

Pioc an focal/an frása ceart agus scríobh an litir sa bhosca.

(a) Tharla an taisme ☐ . [1]

A arú inné	**B** inné	**C** inniu

(b) Tharla taisme bóthair ☐ . [1]

A taobh le Leitir Ceanainn	**B** i lár Leitir Ceanainn	**C** i bhfad ar shiúl ó Leitir Ceanainn

(c) Bhí an bóthar ☐ . [1]

A folamh	**B** gnóthach	**C** casta

(d) Nuair a tharla an taisme, bhí an aimsir ☐ . [1]

A go maith	**B** millteanach	**C** go measartha

(e) Tá ☐ ar na Gardaí faoi charranna ag taisteal ar lánluas. [1]

A imní	**B** iontas	**C** bród

(f) Tá rún ag na Gardaí daoine óga a chur ar an eolas maidir le ☐ . [1]

A deochanna meisciúla	**B** drugaí	**C** tiomáint go róghasta

Section B

Answer **all** questions

Questions and answers in **English**.

5 A part-time job

You see an advertisement for part-time jobs in your area.

Translate the following phrases/short sentences into **English**.

(a) Tá post páirtaimseartha ar fáil.

_____

_____ [2]

(b) Caithfidh tú bheith poncúil.

_____

_____ [2]

(c) Gheobhaidh tú lón saor in aisce.

_____

_____ [2]

(d) Cuir iarratas isteach ar líne.

_____

_____ [2]

6 The weekend

You read a description of what some teenagers do at the weekend.

Cathal	*Imrím cispheil maidin Dé Sathairn.*
Clár	*Is maith liomsa bheith ag siúl.*
Clíodhna	*Caithim neart ama ar an idirlíon.*

Tick [✓] the correct box in each of the following.

(a) Cathal plays

(i) ☐

(ii) ☐

(iii) ☐

[1]

(b) Clár likes

(i) ☐

(ii) ☐

(iii) ☐

[1]

(c) Clíodhna spends time

(i)  ☐

(ii)  ☐

(iii) ☐

[1]

7 Weather report



You read the following extract from an online account of the weather in Galway.

> *Bhí an fhearthainn thar a bheith trom i gcathair na Gaillimhe an tseachtain seo chuaigh thart. Rinne uisce na habhann cuid mhór damáiste mar bhí an t-uisce gach áit an mhaidin dár gcionn – sna sráideanna, sna páirceanna agus sna tithe fiú!*
>
> *Dúirt fear dóiteáin amháin go raibh an tseirbhís faoi bhrú ag cuidiú le daoine i rith na hoíche. Sin ráite, áfach, bhí an-spraoi ag na páistí an lá sin agus iad ag bádóireacht ar shráideanna na cathrach.*

Answer the following questions in **English**.

(a) What exactly caused the damage?

_____ [1]

(b) Who worked throughout the night to help?

_____ [1]

(c) What activity did the children do in the streets?

_____ [1]

BLANK PAGE

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

(Questions continue overleaf)

8 Wedding shopping

You read the following blog about shopping for a wedding.

An bhfuair tú cuireadh chuig bainis ar na mallaibh?

An bhfuil tú buartha faoi do chulaith?

Ná bí buartha – tá an réiteach againn!

Ollstór bainise úr "Croí Istigh" ag oscailt ar an Bhaile Meánach san ionad siopadóireachta ar an Satharn seo chugainn, 25ú Bealtaine. Thig leat gach aon chineál earraí bainise a cheannach do mhná agus d'fhir.

Faigh gúna, culaith, léine, carbhat, bróga, hata agus mála.

Tairiscintí speisialta don chéad tríocha custaiméir. Bígí linn ag an oscailt oifigiúil ar a deich a chlog ar an 25ú.

Tick [✓] the correct box in each of the following.

(a) When will the wedding store open?

(i)

(ii)

(iii)

[1]

(b) The shop will **not** stock items for

(i)

(ii)

(iii)

[1]

(c) Which of the following items is available in the shop?

(i)

(ii)

(iii) 

[1]

(d) There will be special prices for the first _____ customers.

(i) 30

(ii) 40

(iii) 70

[1]

[Turn over

9 Celebration



You read an invitation to a school's 50th year celebrations.

Ceiliúradh caoga bliain ag Bunscoil Naomh Proinsias (1970–2020)

Aifreann Dé hAoine 17ú Aibreán 2020 ag meán lae in Ardeaglais Naomh Pádraig, Ard Mhacha.

Lón speisialta díreach i ndiaidh an Aifrinn i Halla na Scoile.

Beidh ealaín agus grianghraif ar taispeáint sa scoil.

Fáilte roimh iardhaltaí agus iarmhúinteoirí ag an ócáid speisialta seo.

RSVP roimh An Chéadaoin, 1ú Aibreán chuig rúnaí na scoile ag **eolas@naomhproinsias.ardmhacha.te.sc.ie**

Answer the questions in **English**.

(a) What time will mass take place?

_____ [1]

(b) What will be on display? Make **one** point.

_____ [1]

(c) Who is welcome at the event? Name **one group** mentioned.

_____

_____ [2]

BLANK PAGE

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

(Questions continue overleaf)

10 Trip

You read this account in a student's exercise book at school.

> I mí Mheán an Fhómhair anuraidh ghlac mo chol ceathrair mé ar thuras lae go Corcaigh. Lá breá grianmhar a bhí ann agus chuaigh muid síos chuig an ché. Bhí atmaisféar leictreach ann. Bhí na sluaite daoine ann ag croitheadh bratach agus long mhór ag teacht isteach sa chuan.
>
> Rinne an tArd-Mhéara, Liam Ó Baoill, comhghairdeas le foireann na loinge. Tharla sé go raibh an fhoireann ar an long ag cuidiú leis na daoine bochta thar lear agus ba é seo iad ag teacht abhaile arís. Bhí deis againn dul ar an bhád. Bhí sé go hiontach. Bhí cóisir ghairdín ann agus banna ceoil beo. Bhí an lá suimiúil ar fad ach bhí mé tuirseach traochta an lá ina dhiaidh.
>
> Rónán Mac an tSaoi

Tick [✓] the correct box in each of the following.

(a) **(i)** Rónán travelled to Cork with his grandmother. ☐

(ii) Rónán travelled to Cork with his grandfather. ☐

(iii) Rónán travelled to Cork with his cousin. ☐ [1]

(b) **(i)** There was a small crowd of people at the quayside. ☐

(ii) There were a lot of people at the quayside. ☐

(iii) There was nobody else at the quayside. ☐ [1]

(c) **(i)** The crew of the ship had been helping those in need. ☐

(ii) The crew of the ship had been in a sailing competition. ☐

(iii) The crew of the ship had been on a fishing trip. ☐ [1]

(d) **(i)** Rónán enjoyed the trip but wouldn't like to go back. ☐

(ii) Rónán enjoyed the trip but thought it was expensive. ☐

(iii) Rónán enjoyed the trip but was exhausted. ☐ [1]

11 New school scheme

You see this message on your school website.

Scéim úr scoile

Anois tá cead agat do ghléas féin a thabhairt leat ar scoil, idir thaibléad nó ríomhaire glúine! Ná tabhair do ghuthán póca ar scoil leat, áfach! Níor athraigh an príomhoide an riail sin!

Beidh tú ábalta do chuid obair scoile a aimsiú in am ar bith agus in áit ar bith tríd an seomra ranga idirghníomhach agus do ghléas féin leat. Ní gá duit cipín cuimhne a úsáid nó a bheith buartha go gcaillfidh tú do chuid nótaí arís go deo.

Mar sin, tabhair do ghléas féin leat ar scoil gach lá agus bí cinnte go bhfuil gach rud atá de dhíth ort don scoil ag barr do mhéar! Cláraigh don scéim seo ar an toirt!

Answer the following questions in **English**.

(a) What new school scheme is being implemented?

_____

_____ [2]

(b) What school rule has not been changed?

_____ [1]

(c) What is the advantage of this new school scheme? Make **one** point.

_____ [1]

(d) What are you encouraged to do immediately?

_____ [1]

12 Smoking

You read this article about smoking.

Gach bliain i mí an Mhárta, cuireann an Rialtas béim ar éirí as an tobac. Bíonn lá leagtha amach acu le daoine a spreagadh le héirí as an tobac. Tá ag éirí go maith leis an fheachtas. De réir staitisticí, tá níos mó caiteoirí ag éirí as na toitíní bliain i ndiaidh bliana.

Aithníonn dochtúirí go ndéanann an tobac dochar don scornach, don chraiceann agus do leibhéal na haclaíochta.

I mbliana tá ceist nua ag an fheachtas a bhaineann leis na toitíní leictreonacha chomh maith. Deirtear nach bhfuil go leor eolais againn faoi na contúirtí a bhaineann leo.

Má chaitheann tú féin nó má tá aithne agat ar chaiteoir, is féidir cuidiú a fháil ó do phoitigéir áitiúil. Iarr ar na daoine fásta thart ort a gcuid sláinte a ghlacadh go dáiríre!

Answer the following questions in **English**.

(a) According to the article, what do statistics show us about trends in smoking?

_____

_____ [2]

(b) According to the article, name **one** part of the body affected by smoking.

_____ [1]

(c) According to the article, what is not known about electronic cigarettes?

_____ [1]

(d) According to the article, where can smokers get help?

_____ [1]

THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER

BLANK PAGE

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

BLANK PAGE

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

Sources: All images © Getty Images

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

For Examiner's use only	
Question Number	Marks
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
Total Marks	

Examiner Number

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.